C/2024/1750

1.3.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Feabhra 2024

lena bhformheastar, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an leasú ar Iarscríbhinní I, III(a), III(b) agus VI a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ceanada maidir le trádáil i bhfíonta agus i ndeochanna biotáilleacha

(C/2024/1750)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2004/91/CE ón gComhairle an 30 Iúil 2003 maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Ceanada maidir le trádáil i bhfíonta agus i ndeochanna biotáilleacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ceanada maidir le trádáil i bhfíonta agus i ndeochanna biotáilleacha ([2]) ('an Comhaontú') a leasú leis an gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ([3]), a bhfuil feidhm shealadach aige ó bhí an 21 Meán Fómhair 2017 ann.

(2) An Comhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 27(1) den Chomhaontú ('an Comhchoiste'), tá sé freagrach as teagmháil a choinneáil ar bun idir na páirtithe maidir le gach ábhar a bhaineann le cur chun feidhme agus feidhmiú an Chomhaontaithe.

(3) Liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú cleachtais fhíoneolaíocha atá údaraithe ag gach Páirtí. Thug an tAontas fógra do Cheanada maidir le cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe nua, ar cheart iad a chur leis an Iarscríbhinn sin.

(4) Liostaítear in Iarscríbhinn III(a) a ghabhann leis an gComhaontú tásca geografacha le haghaidh fíonta de thionscnamh an Aontais atá incháilithe lena gclárú mar thásca geografacha faoi chosaint i gCeanada. D'iarr an tAontas go gcuirfí tásca geografacha leis an Iarscríbhinn sin. Tá an t-athbhreithniú curtha i gcrích ag Ceanada ar 22 cheann de na téarmaí a chuir an tAontas isteach.

(5) Liostaítear in Iarscríbhinn III(b) a ghabhann leis an gComhaontú tásca geografacha le haghaidh fíonta de thionscnamh Cheanada atá incháilithe do chosaint san Aontas. D'iarr Ceanada go gcuirfí tásca geografacha leis an Iarscríbhinn sin. Tá an scrúdú ar 15 cinn de na tásca geografacha sin curtha i gcrích ag an gCoimisiún.

(6) Chuir Ceanada iarraidh isteach chun liosta na gcomhlachtaí inniúla in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta.

(7) De bhun Airteagal 27(3) den Chomhaontú arna leasú le CETA, cumhachtaítear an Comhchoiste leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a ghlacadh.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais atá le glacadh sa Chomhchoiste a leagan síos.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

([1]) IO L 35, 6.2.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2004/91(1)/oj .
([2]) IO L 35, 6.2.2004, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2004/91/oj.
([3]) IO L 11, 14.1.2017, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/37/oj..

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, na leasuithe ar Iarscríbhinní I, III(a), III(b) agus VI a ghabhann leis an gComhaontú, mar a leagtar amach sa Dréachtchinneadh ón gComhchoiste.

Cuirtear i gceangal leis an gCinneadh seo téacs an chomhaontaithe leasaithigh, i bhfoirm Dréachtchinnidh ón gComhchoiste.

Airteagal 2

Údaraítear d'ionadaí an Aontais sa Chomhchoiste formheas a dhéanamh ar ghlacadh an Chinnidh ón gComhchoiste thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh ón gComhchoiste in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRIBHINN

Dréachtchinneadh Uimh. …/2024 ón gCOMHCHOISTE arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ceanada maidir le Trádáil i bhFíonta agus i nDeochanna Biotáilleacha

an … 2024

lena leasaítear Iarscríbhinní I, III(a), III(b), IV(a) agus VI a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ceanada maidir le Trádáil i bhFíonta agus i nDeochanna Biotáilleacha

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don *Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ceanada maidir le Trádáil i bhFíonta agus i nDeochanna Biotáilleacha*, arna dhéanamh in Niagara-on-the-Lake an 16 Meán Fómhair 2003 ('an Comhaontú'), arna leasú leis an g*Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile*, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 30 Deireadh Fómhair 2016 (atá á chur i bhfeidhm go sealadach ón 21 Meán Fómhair 2017) agus go háirithe Airteagal 27(3) den Chomhaontú,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú cleachtais fhíoneolaíocha atá údaraithe le haghaidh fíonta de thionscnamh Cheanada agus an Aontais Eorpaigh, faoi seach. Tá fógra tugtha ag an Aontas Eorpach maidir le 17 gcleachtas fhíoneolaíocha údaraithe nua de bhun Airteagal 6(3) den Chomhaontú. De bhun Airteagal 9(1) den Chomhaontú, ba cheart na cleachtais sin a chur le hIarscríbhinn I.

(2) De bhun Airteagal 13 den Chomhaontú, chuir an tAontas Eorpach iarraidh faoi bhráid Cheanada chun tásca geografacha a chur le hIarscríbhinn III(a) a ghabhann leis an gComhaontú. Tá athbhreithniú déanta ag Ceanada ar 22 théarma a chuir an tAontas Eorpach isteach, ar cheart iad a chur le hIarscríbhinn III(a) a ghabhann leis an gComhaontú.

(3) De bhun Airteagal 13 den Chomhaontú, chuir Ceanada iarraidh faoi bhráid an Aontais chun tásca geografacha a chur le hIarscríbhinn III(b) a ghabhann leis an gComhaontú. Tá an scrúdú curtha i gcrích ag an Aontas Eorpach ar 15 théarma a chuir Ceanada isteach, ar cheart iad a chur le hIarscríbhinn III(b) a ghabhann leis an gComhaontú.

(4) De bhun Airteagal 16 den Chomhaontú, chuir an tAontas Eorpach iarraidh faoi bhráid Cheanada chun tásca geografacha a chur le hIarscríbhinn IV(a) a ghabhann leis an gComhaontú. Tá athbhreithniú déanta ag Ceanada ar 1 théarma amháin a chuir an tAontas Eorpach isteach, ar cheart é a chur le hIarscríbhinn IV(a) a ghabhann leis an gComhaontú.

(5) De bhun Airteagal 27(3) den Chomhaontú, chuir Ceanada iarraidh faoi bhráid an Aontais Eorpaigh chun liosta na gcomhlachtaí inniúla in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. In Iarscríbhinn I, Cuid B, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach:

'38. Ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, ar uasleibhéal úsáide 0.01 %

39. Décharbónáit démheitile (DMDC), ar uasleibhéal úsáide 200 ppm

40. Aigéad lachtach

41. Slisíní darach

42. Polagalachtúrónáis (mar "peictionáis"), ó *Trichoderma reesei* RF6197

43. Carbónáit photaisiam

44. Polaspartáit photaisiam, ar uasleibhéal úsáide 0.01 %

45. Mannapróitéiní giosta, ar uasleibhéal úsáide 0.04 %

46. I gCeanada níl aon cheanglas rialála ann maidir le réamh-imréiteach áiseanna próiseála nó próiseas fisiceach a chuirtear i bhfeidhm ar fhíonta nó ar chomhábhair a úsáidtear chun fíonta a mhonarú, amhail:

a) Aerú nó ocsaiginiú

b) Caitianmhalartóirí le haghaidh aigéadú

c) Caitianmhalartóirí le haghaidh cobhsú tartarach

d) Dé-ocsaíd sulfair a dhíothú trí phróisis fhisiceacha

e) Roisíní ianmhalartaithe

f) Bainistíocht a dhéanamh ar ghás tuaslagtha i bhfíon trí úsáid a bhaint as teagmhálaithe scannáin

g) Cúpláil scannán

h) Cóireáil le próisis ardbhrú leanúnacha

i) Cóireáil le próisis ardbhrú neamhleanúnacha

I ngach cás, áfach, ní mór d'fhíon a allmhairítear isteach i gCeanada na ceanglais a leagtar amach i gcaighdeán Cheanada maidir le fíon a chomhlíonadh, ar caighdeán é a fhaightear i roinn B.02.100 den Rialachán maidir le Bia agus Drugaí.'

2. In Iarscríbhinn III(a), cuirtear isteach an roinn seo a leanas:

'SAN AONTAS EORPACH

Liostaítear sa tábla seo a leanas tásca geografacha fíona de thionscnamh an Aontais Eorpaigh agus atá faoi chosaint ag Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ([1]) lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta:

Tionscnamh	Tásc geografach
an Spáinn	Campo de Cartagena
an Spáinn	Catalunya
an Spáinn	Jerez
an Spáinn	Penedès
an Spáinn	PRIORAT
an Spáinn	Sherry
an Spáinn	Xérès
an Fhrainc	Bourgogne Passe-tout-grains
an Iodáil	Colli Altotiberini
an Iodáil	Colli Asolani
an Iodáil	Conegliano Valdobbiadene
an Iodáil	Corti Benedettine del Padovano
an Iodáil	Olevano Romano
an Iodáil	Ormeasco di Pornassio
an Iodáil	Prosecco
an Iodáil	Riviera del Brenta
an Iodáil	Terre dell' Alta Val d' Agri

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (*IO L 347, 20.12.2013, lch. 671*), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

an Iodáil	Torgiano Rosso Riserva
an Iodáil	Valcamonica
an Iodáil	Valtellina Rosso
an Chipir	Commandaria ([2])
an Ungáir	Tokaj / Tokaji'

3. In Iarscríbhinn III(b), cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

'BC Gulf Islands

Beamsville Bench

British Columbia

Creek Shores

Four Mile Creek

Lincoln Lakeshore

Niagara Escarpment

Niagara Lakeshore

Niagara River

Niagara-on-the-Lake

Ontario

Short Hills Bench

St. David's Bench

Twenty Mile Bench

Vinemount Ridge'

4. In Iarscríbhinn IV(a), cuirtear isteach an roinn seo a leanas:

'Sa tábla seo a leanas liostaítear tásca geografacha deochanna biotáilleacha de thionscnamh an Aontais Eorpaigh agus atá faoi chosaint ag Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha ([3]):

Tionscnamh	Tásc geografach	Catagóir an táirge
an Fhrainc	Calvados Pays d'Auge	Biotáillí leanna úll agus biotáillí leanna piorraí'

5. In Iarscríbhinn VI, leasaítear liosta na gcomhlachtaí inniúla mar a leanas:

Cuirtear 'British Columbia Wine Association (VQA Rules)' in ionad 'British Columbia Wine Institute (VQA Rules)' i bhfomhír (a)

Cuirtear tríú fomhír isteach: '(c) Conseil des Appellations Réservées et des Termes Valorisants'.

([2]) Is é "Κουμανδαρία" an téarma coibhéiseach atá faoi chosaint san Aontas.

([3]) Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008. (*IO L 130, 17.5.2019, lch. 1*), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/787/oj

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta a bheidh nótaí taidhleoireachta malartaithe ag na Páirtithe Conarthacha lena ndeimhnítear gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta faoi seach a bhfuil gá leo chun go dtiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm.

Déantar an Cinneadh seo a tharraingt suas i ndúblach i dteangacha barántúla an Chomhaontaithe a ndéantar foráil maidir leo in Airteagal 40 den Chomhaontú, agus tá gach ceann de na leaganacha sin chomh barántúil céanna.

Arna dhéanamh… an 202…

Thar ceann an Chomhchoiste
Ceann Thoscaireacht Cheanada

Ceann Thoscaireacht an Aontais